Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13244/25**

**SOC 625**
**EMPL 412**
**GENDER 177**
**ANTIDISCRIM 86**
**JAI 1316**
**DROIPEN 109**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12756/1/25 REV 1 |
| Ábhar: | Draft Council Conclusions on Violence against women and domestic violence: prevention, early detection and intervention<br>- *Approval* |

1. D'ullmhaigh an Uachtaránacht dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le 'Foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh: cosc, luathbhrath agus idirghabháil.'

2. Rinne an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta na conclúidí sin a scrúdú an 3 Iúil, an 4 Meán Fómhair agus an 22 Meán Fómhair 2025.

3. Thángthas ar chomhaontú i bprionsabal maidir leis an dréacht-téacs mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe na dréachtchonclúidí san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo a chur ar aghaidh chuig Comhairle EPSCO lena bhformheas ag an seisiún a bheidh aici an 17 Deireadh Fómhair 2025.

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh: cosc, luathbhrath agus idirghabháil**

**AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI**

1. Tá an comhionannas inscne agus cearta an duine i gcroílár luachanna na hEorpa. Is prionsabal bunúsach agus luach bunaidh den Aontas Eorpach a chumhdaítear sna Conarthaí agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt) é an comhionannas idir mná agus fir.

2. Foráiltear in Airteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh 'ina ghníomhaíochtaí uile, beidh sé d'aidhm ag an Aontas neamhionannais idir fir agus mná a dhíchur agus comhionannas eatarthu a chur ar aghaidh.'

3. Dearbhaítear sa Chairt nach 'mór an comhionannas idir mná agus fir a áirithiú i ngach réimse' agus go bhfuil 'ag gach duine an ceart go dtabharfar meas ar a iomláine nó ar a hiomláine choirp agus mheabhrach.'

4. Tá foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh fréamhaithe in éagothroime stairiúil agus struchtúrach an chaidrimh cumhachta idir mná agus fir, lena n-áirítear gnéasachas. Is cineálacha foréigin inscnebhunaithe iad a dhéanann fir go príomha ar mhná agus ar chailíní. Tá freagracht ar an tsochaí ina hiomláine foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, ós rud é go mbaineann foréigean an bonn den chomhionannas inscne agus de cheart na mban agus na gcailíní chun comhionannais i ngach réimse den saol agus go gcuirtear bac leis ar a rannpháirtíocht chomhionann sa tsochaí agus sa mhargadh saothair, agus gur féidir le hiarmhairtí tromchúiseacha sláinte nó sábháilteachta agus básanna fiú a bheith de thoradh air. Cuireann géarchéimeanna agus coinbhleachtaí go mór le baol an fhoréigin inscnebhunaithe. Sochaithe saor ó fhoréigean in aghaidh na mban agus ó fhoréigean teaghlaigh, ní hamháin gur níos sláintiúla agus níos sábháilte a bheidh siad, ach is níos sláine, níos rathúla agus níos daonlathaí a bheidh siad freisin.

5. Is iomaí cineál foréigin in aghaidh ban agus foréigin teaghlaigh atá ann, lena n-áirítear foréigean fisiciúil, foréigean síceolaíoch, foréigean gnéasach, foréigean eacnamaíoch agus foréigean a éascaítear de thoradh na teicneolaíochta, ciorrú ball giniúna ban, pósadh éigeantais, foréigean onóra, agus feimeamharú. Cuimsíonn na patrúin a bhaineann le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh smacht comhéigneach freisin.

6. Aithnítear in Aithris 6 de Threoir 2024/1385/AE maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac gur féidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a bheith níos measa nuair a bhíonn duine faoi réir idirdhealú bunaithe ar mheascán de ghnéas agus d'aon fhoras nó forais eile idirdhealaithe dá dtagraítear in Airteagal 21 den Chairt. Thairis sin, d'fhéadfadh baol méadaithe foréigin a bheith ann d'íospartaigh áirithe ag brath ar a n-imthosca sonracha lena n-áirítear iad siúd a luaitear in Aithris 71 den Treoir.

7. I Suirbhé an Aontais ar fhoréigean inscnebhunaithe 2024, tugann Eurostat, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) agus an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) dá n-aire, cé gur labhair tromlach na mban ar íospartaigh foréigin iad le duine a bhfuil siad mór leis faoi, ní dhearna ach bean amháin as 5 acu teagmháil le soláthraí cúraim sláinte nó sláinte sóisialta agus níor thuairiscigh ach bean amháin as 8 an teagmhas do na póilíní. Fágann sin go bhféadfadh ról lárnach a bheith ag finnéithe maidir le gníomhú i gcás ina bhfaigheann siad amach go bhfuil foréigean in aghaidh ban nó foréigean teaghlaigh ag tarlú nó ina measann siad go bhfuil a leithéid ag tarlú, lena n-áirítear trí dhul i dteagmháil le híospartach an fhoréigin nó tacaíocht a thabhairt dó. Is féidir le haon duine a bheith ina fhinné é arb eol nó a mheasann go bhfuil foréigean ag tarlú. Dá bhrí sin tá múscailt feasachta agus oideachas don daonra ar an iomlán riachtanach chun a áirithiú go mbeidh a fhios ag daoine conas comharthaí foréigin a aithint, cén áit le cuidiú a fháil agus conas is fearr freagairt dá leithéid nó idirghabháil a dhéanamh.

8. Páistí a bhíonn i láthair foréigin nó ar finnéithe foréigin in aghaidh ban agus foréigin teaghlaigh iad laistigh dá dteaghlach nó dá n-aonad teaghlaigh, is íospartaigh foréigin iad féin, agus tá baol ann go mbeidh fadhbanna fisiciúla agus meabhairshláinte fadtéarmacha acu, agus is féidir leis sin bac a chur ar a rannpháirtíocht sa tsochaí, lena n-áirítear san oideachas. Thairis sin, tá baol níos mó ann go mbeidh siad i láthair iompar foréigneach sna caidrimh a bheidh acu amach anseo nó go rachaidh siad féin i muinín foréigin.

9. Tá comhionannas inscne agus diúltú an fhoréigin in aghaidh ban agus an fhoréigin teaghlaigh fite fuaite ina chéile. Tugann EIGE dá aire in Innéacs Comhionannais Inscne 2024 uaidh: 'in áiteanna ina bhfuil leibhéal ard comhionannais inscne, is lú dóchúlacht go nglacfaidh daoine le foréigean in aghaidh ban', rud a léiríonn 'go bhfuil dul chun cinn ionsar Aontas atá comhionann ó thaobh inscne de ríthábhachtach chun deireadh a chur le foréigean in aghaidh ban.'

10. I mí an Mhárta 2025, chuir an Coimisiún Eorpach a fhís fhadtéarmach in iúl maidir le comhionannas inscne a bhaint amach sa Treochlár uaidh um Chearta na mBan, ina leagtar amach na príomhphrionsabail agus na príomhspriocanna beartais, lena n-áirítear maidir le gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní a chosc agus a chomhrac.

11. Tá easpa dhíréireach cosanta ag mná agus cailíní ar gach cineál foréigin inscnebhunaithe, lena n-áirítear na léirithe is géire agus is brúidiúla de, mar shampla feimeamharú. Is féidir le fir agus buachaillí a bheith ina n-íospartaigh foréigin teaghlaigh freisin, agus is féidir dúshláin inscne-shonracha a bheith rompu i ndáil leis sin, ós féidir le steiréitíopaí inscne agus noirm shóisialta dhiúltacha iad a dhíspreagadh ó dhul i dteagmháil le duine a bhfuil siad mór leis, ó chóir leighis nó cuidiú a lorg, nó óna gcás a thuairisciú.

12. De réir bhrollach Threoir (AE) 2024/1385 maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac, 'Ba cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun cosc a chur ar steiréitíopaí díobhálacha inscne a bheith á gcothú chun deireadh a chur leis an gcoincheap faoi ísleacht mná nó faoi róil steiréitíopacha na mban agus na bhfear. D'fhéadfaí a áireamh leis sin freisin bearta arb é is aidhm dóibh a áirithiú nach mbreathnófaí ar an gcultúr, ar ghnáthaimh, ar an reiligiún, ar an traidisiún ná ar an onóir mar údar le cionta foréigin in aghaidh na mban nó le foréigean teaghlaigh ná mar údar le go gcaithfí leis na cionta sin ar bhealach níos boige.'

13. Tá dul chun cinn suntasach déanta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon maidir leis na hiarrachtaí foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac, lena n-áirítear glacadh Threoir (AE) 2024/1385 maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac agus aontachas an Aontais le Coinbhinsiún Iostanbúl. Mar sin féin, is forleathan fós an feiniméan do-ghlactha sin agus is tearc an tuairisciú a dhéantar air. Dá bhrí sin, tá gá le tuilleadh gníomhaíochta, go háirithe bearta chun feabhas a chur ar chosc agus ar luathbhrath an fhoréigin chomh maith le riosca an fhoréigin agus bearta chun idirghabhálacha ina choinne a spreagadh sula dtiocfadh géarú air.

14. San am céanna, tá creataí straitéiseacha éagsúla a bhaineann le comhionannas inscne ag dul in éag, lena n-áirítear na Teachtaireachtaí seo a leanas ón gCoimisiún: Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025, Plean Gníomhaíochta III AE maidir le hInscne (GAP), agus Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil (2019-2024), chomh maith le Plean Gníomhaíochta Frithchiníochais an Aontais Eorpaigh 2020-2025 agus an Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025.

15. Cuireann an tacar conclúidí seo leis an obair a rinneadh cheana agus leis na gealltanais pholaitiúla ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh, ón gCoimisiún agus ó Pharlaimint na hEorpa agus ó pháirtithe leasmhara ábhartha sa réimse sin, lena n-áirítear sna doiciméid a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

**IARRANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AR NA BALLSTÁIT, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí, agus cúinsí náisiúnta á gcur san áireamh, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

16. Aird chuí a thabhairt don tábhacht a bhaineann le cosc, luathbhrath agus idirghabháil agus Treoir (AE) 2024/1385 maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac á cur chun feidhme. Dá bhrí sin, agus ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar fhadhb an tearcthuairiscithe, tá sé thar a bheith tábhachtach bearta éifeachtacha a dhéanamh chun spreagadh a thabhairt d’aon duine a bhfuil a fhios aige nó a mheasann, de mheon macánta, go bhfuil gníomhartha foréigin in aghaidh ban nó foréigin teaghlaigh tar éis tarlú, nó go bhfuil coinne le gníomhartha foréigin, chun gníomhartha den sórt sin a thuairisciú do na húdaráis inniúla gan eagla a bheith air go mbeidh iarmhairtí diúltacha ann.

17. Oiliúint le haghaidh oibrithe sna réimsí ábhartha a chur chun cinn, lena n-áirítear iad siúd atá ag obair le pobail mhionlaigh agus le pobail ar deacair teacht orthu nó le daoine i staideanna leochaileacha, mar aon le múscailt feasachta agus oideachas don daonra ar an iomlán, finnéithe san áireamh, maidir le rochtain ar fhaisnéis agus comhairle maidir le bealaí sábháilte éifeachtacha chun cuidiú a lorg agus tacaíocht a thabhairt nó idirghabháil a dhéanamh i gcásanna foréigin nó i gcásanna ina meastar go bhfuil riosca foréigin ann.

18. Comhpháirtíochtaí trasearnála, oiliúint, comhordú agus comhar a chur chun cinn idir na gníomhaithe ábhartha uile ionas go mbeidh oibrithe cúraim sláinte, na póilíní, na húdaráis bhreithiúnacha, oideoirí, seirbhísí sóisialta, tearmainn ghéarchéime agus tearmainn do mhná, seirbhísí cosanta leanaí, agus an tsochaí shibhialta, mar shampla, in ann rioscaí agus comharthaí na gcineálacha éagsúla foréigin in aghaidh ban agus foréigin teaghlaigh a bhrath a luaithe is féidir, lena n-áirítear foréigean fisiciúil, foréigean síceolaíoch, foréigean gnéasach, foréigean eacnamaíoch, foréigean a éascaítear de thoradh na teicneolaíochta agus foréigean onóra, ciorrú ball giniúna ban, pósadh éigeantais, agus feimeamharú, chomh maith le smacht comhéigneach, agus ionas go mbeidh siad in ann idirghabháil a dhéanamh go luath, lena n-áirítear trí atreoruithe.

19. Bearta a dhéanamh chun cumhachtú eacnamaíoch agus neamhspleáchas airgeadais na mban a chur chun cinn, *inter alia*, trí fheabhas a chur ar a n-imeascadh sa tsochaí agus i margadh an tsaothair, agus é á chur san áireamh gur féidir le neamhspleáchas airgeadais na mban feabhas a chur ar a gcumas caidreamh foréigneach nó staid fhoréigneach a fhágáil nó deireadh a chur leis, agus ar an gcaoi sin cosc a chur ar ghéarú breise an fhoréigin.

20. Tacú le forbairt uirlisí agus oiliúna d'oibrithe cúraim sláinte, oibrithe cúraim agus oibrithe sóisialta chun cuidiú leo cásanna foréigin in aghaidh mná torracha agus tuismitheoirí úra a bhrath, agus é a chur san áireamh gur féidir le foréigean géarú um an toirchis agus na breithe, go mbíonn deis idirghabhála ann le toircheas i ngeall ar an teagmháil mhéadaithe idir íospartaigh, déantóirí foréigin, agus oibrithe sláinte, sóisialta agus cúraim, agus mar sin gur féidir le deis thráthúil a bheith i gceist sa tréimhse thart ar an toircheas agus ar an mbreith chun deireadh a chur le hiompar foréigneach.

21. Bearta a dhéanamh chun cosaint agus tacaíocht a thabhairt do leanaí a bhfuil cónaí orthu i dtimpeallacht ina bhfuil foréigean in aghaidh ban nó foréigean teaghlaigh nó baol foréigin den sórt sin, chomh maith le leanaí a chaill tuismitheoir mar gheall ar fheimeamharú nó foréigean páirtí dlúthchaidrimh, chun a léiriú gur íospartaigh astu féin iad agus d'fhonn an baol a laghdú go rachaidh na leanaí sin i muinín iompar foréigneach níos déanaí sa saol nó gur íospartaigh a bheidh iontu féin arís.

22. Feasacht a chur chun cinn, go háirithe i measc leanaí agus daoine fásta óga, ar chomhionannas inscne, agus ar chaidrimh shláintiúla agus cultúr toilithe, lena n-áirítear caidreamh gnéasach comhthoiliúil, agus maidir le comharthaí an fhoréigin in aghaidh ban agus cailíní agus an fhoréigin teaghlaigh chomh maith lena raon feidhme agus a n-iarmhairtí, ar líne agus as líne araon, agus a áirithiú go mbeidh cuidiú, treoir agus tacaíocht atá iomchuí dá n-aois ar fáil dóibh ar feadh a saoil.

23. Cláir inrochtana a chur chun cinn chun cóir leighis a chur ar dhéantóirí foréigin agus a dteaghlaigh a rannpháirtiú sa phróiseas, i gcás inarb iomchuí, agus coimircí san áireamh chun athíospairt a chosc, chun tacú le hathshlánú dhéantóirí foréigin agus stop a chur lena n-iompar foréigneach, agus chun timthriall an fhoréigin idirghlúine a bhriseadh freisin.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AGUS AR NA BALLSTÁIT, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach, agus i gcomhar leis an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) i gcás inarb iomchuí, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

24. Feabhas a chur ar bhailiú, anailísiú, foilsiú agus úsáid sonraí i dtaca le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh agus i dtaca le hiarmhairtí an fhoréigin sin ar íospartaigh agus ar an tsochaí agus a áirithiú go ndéanfar na sonraí sin a idirdhealú de réir inscne agus de réir aoisghrúpa (leanbh/aosach) an íospartaigh agus dhéantóir an fhoréigin, ar a laghad, agus go gcumhdófar, i gcás inar féidir agus inarb ábhartha, an caidreamh idir an t-íospartach agus déantóir an fhoréigin chomh maith leis an gcineál ciona, ionas go bhféadfar bearta fianaisebhunaithe agus spriocdhírithe a cheapadh agus a chur san áireamh ag an am céanna gur féidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh géarú nuair a bhíonn duine faoi réir idirdhealú bunaithe ar mheascán inscne agus aon fhoras nó aon fhorais idirdhealaithe eile dá dtagraítear in Airteagal 21 den Chairt agus go bhféadfadh baol méadaithe foréigin a bheith ann d'íospartaigh áirithe ag brath ar a n-imthosca sonracha, lena n-áirítear iad siúd a luaitear in Aithris 71 den Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac.

25. A aithint gur íospartaigh astu féin iad leanaí a fheiceann foréigean, staidéir a dhéanamh ar fhoréigean in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh a mbíonn leanaí ina láthair, lena n-áirítear maidir le méid an fheiniméin sin agus a thionchar fadtéarmach ar na leanaí lena mbaineann, agus feasacht a mhúscailt faoi na fadhbanna a eascraíonn as foréigean a fheiceáil.

26. Taighde, nuálaíocht, oideachas agus malartú dea-chleachtais a chur chun cinn maidir le gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus foréigin teaghlaigh a chomhrac trí chosc, luathbhrath agus idirghabháil.

27. Pleananna gníomhaíochta a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac, lena n-áirítear bearta chun cosc, luathbhrath agus idirghabháil a chur chun cinn, agus a áirithiú go mbeidh na pleananna sin ildisciplíneach, inghníomhaithe agus maoinithe go leordhóthanach, agus go rachfar i gcomhairle go fóinteach leis an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí ban, agus na pleananna sin á bhforbairt.

28. Feasacht a mhúscailt ar fud na sochaí go léir, go háirithe in institiúidí oideachais, maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh, lena n-áirítear méid na faidhbe agus a hiarmhairtí, agus aird ar leith á tabhairt ar ról na ndaoine a fheiceann nó a bhfuil a fhios acu faoi fhoréigean a bheith ag tarlú, mar aon lena gcumas idirghabháil a dhéanamh, agus é sin dírithe ar mhná agus ar fhir araon.

29. Rannpháirtíocht na bhfear agus na mbuachaillí araon mar ghníomhairí agus tairbhithe sa chomhionannas inscne a éascú agus a chur chun cinn, lena n-áirítear trí bhearta chun steiréitíopaí inscne agus noirm shóisialta dhíobhálacha ar líne agus as líne a chomhrac, agus trí bhearta chun fir agus buachaillí a rannpháirtiú i gcosc, luathbhrath agus idirghabháil, agus é á chur san áireamh go bhfeiceann leanaí ó aois óg, ar líne agus as líne araon, léirithe forleathana steiréitipiciúla ina ndéantar cailíní agus mná a oibiachtú agus a ghnéasú, rud a fhéadann róil agus dearcthaí díobhálacha inscne a bhuanú, agus beag is fiú a dhéanamh den fhoréigean inscnebhunaithe, go háirithe foréigean in aghaidh ban agus cailíní. Bearta a chur chun cinn chun meabhairshláinte gach duine a fheabhsú, agus steiréitíopaí inscne agus noirm shóisialta dhiúltacha a chomhrac, geasa san áireamh, lena ndíspreagtar mná agus cailíní, agus fir agus buachaillí go háirithe, ó leochaileacht a léiriú, rud a chuireann bac ar a gcumas tacaíocht a lorg nuair a bhíonn sí de dhíth orthu, lena n-áirítear i gcásanna inarb iadsan ar a bhfuil an foréigean dírithe nó má tá eagla orthu go bhféadfaidís a bheith i mbaol foréigean a dhéanamh.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

30. Bearta a áireamh chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac, ar líne agus as líne araon, lena n-áirítear bearta maidir le cosc, luathbhrath agus idirghabháil, mar atá sna conclúidí seo, agus doiciméid straitéiseacha á gceapadh amach anseo, ar nós straitéis neamhspleách ardleibhéil comhionannais inscne don tréimhse tar éis 2025, lena n-áirítear bearta spriocdhírithe agus gné na hinscne a chomhtháthú go córasach i mbeartais agus i ngníomhaíochtaí an Aontais.

**<u>Iarscríbhinn a ghabhann leis an IARSCRÍBHINN</u>**

**Tagairtí**

**1. Reachtaíocht an Aontais**

Treoir (AE) 2024/1385 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac

**2. An Chomhairle**

Conclúidí ón gComhairle maidir le Foréigean in aghaidh na mban san Aontas Eorpach a dhíothú (6585/10)

Conclúidí ón gComhairle maidir le Foréigean in aghaidh na mban a chomhrac, agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar d'íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh (17444/12)

Conclúidí ón gComhairle maidir le Gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear ciorrú ball giniúna ban (9543/14)

Conclúidí ón gComhairle maidir le Tionchar socheacnamaíoch COVID-19 ar an gcomhionannas inscne (8878/21)

Conclúidí ón gComhairle maidir le Cumhachtú eacnamaíoch agus neamhspleáchas airgeadais na mban mar bhealach chun comhionannas inscne substainteach a bhaint amach (8957/24)

Conclúidí ón gComhairle maidir le neart a chur le meabhairshláinte na mban agus na gcailíní tríd an gcomhionannas inscne a chur chun cinn (16366/24)

Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhionannas Inscne a Chur Chun Cinn i Ré Dhigiteach Faoi Thionchar na hIntleachta Saorga: an 6ú athbhreithniú cothrománach ar chur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising arna dhéanamh ag na Ballstáit agus ag institiúidí an Aontais (9984/25)

## 3. An Coimisiún Eorpach

*A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025* [Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025]. (6678/20. Tagairt ón gCoimisiún: COM(2020) 152 final)

*Union of Equality: LGBTIQ Equality Strategy 2020-2025* [Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025]. (13081/20. Tagairt ón gCoimisiún: COM(2020) 698 final)

Treochlár um Chearta na mBan. (6756/25. Tagairt ón gCoimisiún: COM(2025) 97 final)

## 4. Parlaimint na hEorpa

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Meán Fómhair 2021 maille le moltaí don Choimisiún maidir le foréigean inscnebhunaithe a shainaithint mar choireacht faoi Airteagal 83(1) CFAE (2021/2035(INL))

## 5. Eurostat, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) agus an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)

Suirbhé an Aontais ar fhoréigean inscnebhunaithe (2024)

## 6. An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)

Foréigean páirtí dlúthchaidrimh agus idirghabháil finné: cad iad na tosca cinntitheacha? (2020)

*Combating Cyber Violence against Women and Girls, 2022* [An Cibearfhoréigean in aghaidh na mBan agus na gCailíní a Chomhrac, 2022]

Innéacs Comhionannas Inscne 2024

https://eige.europa.eu/publications-resources/publications/gender-equality-index-2024-tackling-violence-against-women-tackling-gender-inequalities?language_content_entity=en

## 7. Na Náisiúin Aontaithe

Dearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising (clár oibre na Náisiún Aontaithe don chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban) An Coinbhinsiún maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú

## 8. Comhairle na hEorpa

Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl'), (CETS Uimh. 210)

## 9. Tagairtí eile

Éifeachtaí an fhoréigin teaghlaigh ar leanaí

(An Oifig um Shláinte na mBan, Roinn Sláinte agus Seirbhísí Daonna na Stát Aontaithe, 2024)

https://womenshealth.gov/relationships-and-safety/domestic-violence/effects-domestic-violence-children#references